Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Feabhra 2022
(OR. fr)

6028/22

LIMITE

AGRI 41
CODEX 3
FAO 6
SAN 71
VETER 8
SUSTDEV 27
CONUN 34
RELEX 144
WTO 14
FOOD 11
PHYTOSAN 6
ENV 103
CLIMA 56

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5405/1/22 REV 2 |
| Ábhar: | Conclúidí maidir le tiomantas an Aontais do Codex Alimentarius uaillmhianach, agus é feiliúnach do na dúshláin atá ann anois agus a bheidh ann amach anseo<br>– Formheas |

1. Is é Codex Alimentarius an clár comhpháirteach a bhunaigh Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) in 1963 le haghaidh caighdeán bia chun sláinte tomhaltóirí a chosaint agus chun cleachtais chóra i dtrádáil bia a chur chun cinn. Is tagairt thábhachtach iad caighdeáin Codex Alimentarius chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) maidir le bearta agus rialacháin náisiúnta um shábháilteacht bia agus um chosaint sláinte.

2. Ó tháinig an tAontas Eorpach isteach sa Codex Alimentarius in 2003, tá comhar láidir forbartha ag an gCoimisiún Eorpach agus ag na Ballstáit maidir le saincheisteanna a bhaineann le Codex Alimentarius. Ag cur le creat leathan rialála agus beartais an Aontais chun sábháilteacht bia agus cosaint leasanna tomhaltóirí a áirithiú, chuir siad go mór le hobair Codex Alimentarius i ngach gné de, thar na blianta.

3. Tar éis an phlé ullmhúcháin a rinneadh faoi Uachtaránacht na Slóivéine maidir le tosaíochtaí an Aontais agus a Bhallstát do Codex Alimentarius, chuir an Mheitheal um Cheisteanna Idirnáisiúnta Bia agus Talmhaíochta (Codex Alimentarius) tús, an 26 Eanáir 2022, le scrúdú a dhéanamh ar na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le Codex Alimentarius, a d'ullmhaigh an Uachtaránacht.

5. An 10 Feabhra 2022, chuir an Mheitheal bailchríoch ar an bplé a bhí aici maidir leis na dréachtchonclúidí ón gComhairle agus an 11 Feabhra 2022 thug an Uachtaránacht dá haire nach raibh barúlacha i scríbhinn ó na toscaireachtaí maidir leis an dréacht críochnaitheach a leagtar amach in 5405/2/22 REV 2.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

- na dréachtchonclúidí críochnaitheach ón gComhairle maidir le 'Tiomantas an Aontais do Codex Alimentarius uaillmhianach, agus é feiliúnach do na dúshláin atá ann anois agus a bheidh ann amach anseo' a fhormheas, mar a leagtar amach iad san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo;

- a mholadh don Chomhairle na dréachtchonclúidí críochnaitheach ón gComhairle, mar a leagtar amach in 6028/22 ADD 1 iad, a fhormheas mar mhír 'A' ag an gcruinniú a bheidh aici an 21 Feabhra 2022.